TREOIRLÍNTE

TREOIRLÍNE (AE) 2022/747 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 5 Bealtaine 2022

lena leasaítear Treoirlíne 2012/120/AE maidir le ceanglais tuairiscithe staidrimh an Bhainc Cheannais Eorpaigh i réimse an staidrimh sheachtraigh (BCE/2022/23)

TÁ COMHAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CHEANNAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 3.1, 3.3, 5.1, 12.1 agus 14.3 de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2533/98 ón gComhairle an 23 Samhain 1998 maidir le faisnéis staidrimh do bhailiú ag an mBanc Ceannais Eorpach ([1]), agus go háirithe Airteagal 4 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcóras domhanda airgeadais casta ina bhfuil naisc trasteorann mhéadaitheacha, tá ról tábhachtach ag eintitis ar a dtugtar eintitis shainchuspóireacha (ESCanna). Bunaíonn fiontair ilnáisiúnta (MNEanna) ESCanna chun a n-infheistíochtaí airgeadais a threorú, chun rochtain ar mhargaí airgeadais iolracha a mhéadú, agus chun a sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe a eagrú ar fud an domhain. Tá ESCanna éirithe níos ábhartha maidir le staidreamh seachtrach toisc go bhféadfadh siad a bheith i bhfoirm eintitis speisialaithe airgeadais, nó, le déanaí, eintitis speisialaithe neamhairgeadais freisin a bhunaíonn MNEanna chun cearta maoine intleachtúla, taighde agus forbairt, trádáil agus gníomhaíochtaí eile a bhainistiú mar chuid de straitéis airgeadais agus uasmhéadú brabúis uile-ghrúpa.

(2) Chuirfeadh an fhaisnéis staidrimh a bhaineann le ESCanna ar chumas an Eurochórais tuiscint níos fearr a fháil ar ról na n-eintiteas sin i gcóras eacnamaíoch agus airgeadais an limistéir euro. Go háirithe, de bharr na faisnéise staidrimh maidir le gníomhaíocht ESCanna i mBallstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu agus a bhfuil comhchruinniú ard ESCanna acu, chuirfí ar chumas an Eurochórais idirnascacht thrasteorann ó shreafaí agus ó shuímh ESCanna a anailísiú agus a léirmhíniú agus measúnú a dhéanamh ar na rioscaí airgeadais agus eacnamaíocha chun críche anailís cobhsaíochta airgeadais. Mar sin féin, cé go bhfuil an fhaisnéis staidrimh ar ESCanna, mar aonaid institiúideacha, bailithe cheana féin ar an leibhéal náisiúnta, ní dhéantar í a thuairisciú go leithleach don Bhanc Ceannais Eorpach (BCE). Dá bhrí sin, ba cheart do bhainc cheannais náisiúnta (BCNanna) an fhaisnéis staidrimh maidir le ESCanna a thuairisciú don BCE ar bhonn ráithiúil.

(3) Féadfaidh údaráis inniúla staidrimh seachas BCNanna an fhaisnéis staidrimh a bhaineann le ESCanna a bhailiú agus/nó a thiomsú. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh comhar idir na BCNanna agus na húdaráis inniúla sin a bheith ag teastáil chun an fhaisnéis sin a thuairisciú don BCE.

(4) Bhí an BCE ina bhall den Tascfhórsa um ESCanna, a bhunaigh an Choiste um Staidreamh Chomhardú na n-Íocaíochtaí de chuid an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI) in 2016. Ar cheann de na saincheisteanna ar thug an Tascfhórsa aghaidh orthu ba ea an easpa sainmhínithe arna chomhaontú go hidirnáisiúnta ar ESCanna, agus leagadh amach moladh maidir le sainmhíniú den sórt sin ina thuarascáil deiridh ([2]). Ba cheart, dá bhrí sin, an sainmhíniú seo a chur san áireamh sna ceanglais a fhorchuirtear ar BCNanna maidir le tuairisciú faisnéise staidrimh ar ESCanna.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoirlíne 2012/120/AE (ECB/2011/AE) ([3]) a leasú dá réir.

([1]) IO L 318, 27.11.1998, lch.8.

([2]) Coiste CAI um Staidireamh Chomhardú na n-Íocaíochtaí (BOPCOM), 'Tuarascáil Deiridh an Tascfhórsa ar Eintitis Shainchuspóireacha', Páipéar BOPCOM 18/03, 2018. Ar fáil ar shuíomh gréasáin an CAI ag: www.imf.org.

([3]) IO L 65, 3.3.2012, lch. 1

TAR ÉIS NA TREOIRLÍNE SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe

Leasaítear Treoirlíne BCE/2011/23 mar a leanas:

1. cuirtear an pointe (18) seo a leanas le hAirteagal 1:

'(18) ciallaíonn "eintiteas sainchuspóireach" nó "ESC" eintiteas dlíthiúil atá cláraithe go foirmiúil agus/nó corpraithe agus:

(a) atá aitheanta mar aonad institiúideach;

(b) nach bhfuil fostaithe ar bith aige nó a fhostaíonn nach mó ná cúigear fostaithe;

(c) nach bhfuil láithreacht fhisiciúil ar bith aige nó a bhfuil mionláithreacht fhisiciúil aige;

(d) nach bhfuil aon táirgeadh fisiciúil aige nó nach bhfuil ach mion-tháirgeadh fisisciúil aige sa gheilleagar ina bhfuil cónaí air ('dlínse óstach');

(e) atá á rialú go díreach nó go hindíreach ag neamhchónaitheoirí na dlínse óstaí;

(f) atá bunaithe chun buntáistí sonracha arna soláthar ag an dlínse óstach a fháil agus a bhfuil ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí seo a leanas aige: (i) rochtain ar mhargaí caipitil nó ar sheirbhísí airgeadais sofaisticiúla a dheonú dá úinéirí nó dona úinéirí; (ii) úinéir(í) a aonrú ó rioscaí airgeadais; (iii) an t-ualach rialála agus cánach a laghdú; (iv) rúndacht a n-idirbheart agus a n-úinéirí a chosaint;

(g) a dhéanann idirbhearta beagnach go hiomlán le neamhchónaitheoirí na dlínse óstaí;

(h) a bhfuil clár comhardaithe airgeadais aige a bhfuil cuid mhór de comhdhéanta d'éilimh agus dliteanais thrasteorainneacha, ach amháin i gcás eintiteas a eisíonn urrúis fiachais indíolta i gcás ina bhféadfadh sé nach mbeadh fáil ar an fhaisnéis sin.';

2. in Airteagal 2, cuirtear isteach an mhír 1b seo a leanas:

'1b. Déanfaidh na BCNanna sonraí ráithiúla a thuairisciú don BCE maidir le hidirbhearta idirnáisiúnta agus suímh ESCanna cónaitheacha mar a shainmhínítear i dTábla 10 d'Iarscríbhinn II agus i gcomhréir leis na spriocdhátaí a shainmhínítear in Airteagal 3(2).';

3. in Airteagal 6(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na bhfoclaíochta tosaigh:

'I gcás ina bhfuil na sonraí le haghaidh ítime i dTáblaí 1 go 5 agus i dTábla 10 d'Iarscríbhinn II diomaibhseach nó de mhéid neamhshuntasach do staidreamh limistéir euro agus náisiúnta, nó nuair nach féidir sonraí na hítime sin a bhailiú ar chostas réasúnach, tuairisceoidh BCNanna sonraí ar bhonn an mheastacháin is fearr atá bunaithe ar mhodheolaíochtaí fónta staidrimh, ar choinníoll nach gcuirtear luach anailíseach an staidrimh i mbaol. Ina theannta sin, tuairisceoidh BCNanna sonraí ar bhonn an mheastacháin is fearr do na miondealuithe seo a leanas i dTáblaí 1, 2, 4, 6 agus 10 d'Iarscríbhinn II:';

4. cuirtear isteach an tAirteagal 8a seo a leanas:

'*Airteagal 8a*

An chéad tarchur sonraí a bhaineann le hidirbhearta trasteorann agus stoic d'ESCanna cónaitheacha tar éis theacht in éifeacht do Threoirlíne (AE) 2022/747 (BCE/2022/23)

Tar éis theacht i bhfeidhm Threoirlíne (AE) 2022/747 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2022/23) (*), déanfar an chéad tarchur sonraí a bhaineann le hidirbhearta trasteorann agus stoic d'ESCanna cónaitheacha mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II, Tábla 10, i Márta 2023 maidir lesonraí don cheathrú ráithe de 2022.

Déanfar sonraí ráithiúla maidir leis an tréimhse ón gcéad ráithe de 2020 a tharchur tráth nach déanaí ná Meán Fómhair 2023.

(*) Treoirlíne (AE) 2022/747 ón mBanc Ceannais Eorpach 5 Bealtaine 2022 lena leasaítear Treoirlíne 2012/120/AE maidir le ceanglais tuairiscithe staidrimh an Bhainc Cheannais Eorpaigh i réimse an staidrimh sheachtraigh (BCE/2011/23) *(BCE/2022/23)* (IO L 137, 16.5.2022, lch. 177.';

5. Leasaítear Iarscríbhinní I agus II i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoirlíne seo.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoirlíne seo i bhfeidhm an lá a dtabharfar fógra faoi do bhainc cheannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

Airteagal 3

Seolaithe

Dírítear an Treoirlíne seo ar gach banc ceannais Eurochórais.

Arna dhéanamh ag Frankfurt am Main, an 5 Bealtaine 2022.

Do Chomhairle Rialaithe an BCE
Uachtarán an BCE
Christine LAGARDE

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Treoirlíne 2012/120/AE (BCE/2011/23) mar a leanas:

1. cuirtear an Roinn 6 seo a leanas le hIarscríbhinn I:

‘6. **Idirbhearta ráithiúla trasteorainneacha agus stoic ESCanna cónaitheacha**

Cuspóir

Is é an cuspóir atá le hidirbhearta ráithiúla trasteorainneacha agus le sreafaí ESCanna cónaitheacha ná tuiscint níos fearr a fháil ar an ról atá ag aonaid den chineál seo i gcomhpháirteanna éagsúla na gcuntas earnála seachtraí. Is féidir faisnéis a bhaineann leis an gcineál seo aonaid a thuairisciú mar ítim ar leith le go bhféadfar tuiscint níos fearr ar a ról i gcóras eacnamaíoch agus airgeadais an limistéir euro.

Ceanglais

Ní mór do na BCNanna faisnéis a thuairisciú ar na hidirbhearta ráithiúla trasteorainneacha agus stoic ESCanna cónaitheacha mar a shonraítear i dTábla 10 d’Iarscríbhinn II.’;

2. Leasaítear Iarscríbhinn II mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Tábla 8:

'Tábla 8

Miondealuithe earnálacha

Sec 1	Sec 2	Sec 2d	Sec 2r	Sec x
Geilleagar iomlán	Geilleagar iomlán	Geilleagar iomlán	Geilleagar iomlán	Geilleagar iomlán
Banc ceannais	Banc ceannais	Banc ceannais	Banc ceannais	Corparáidí airgeadais
IAAnna eile	IAAnna eile	IAAnna eile	IAAnna eile	Earnálacha seachas corparáidí airgeadais'
Corparáidí a ghlacann le taiscí seachas an banc ceannais	Corparáidí a ghlacann le taiscí seachas an banc ceannais	Rialtas ginearálta	Rialtas ginearálta	
CMAnna	CMAnna	Earnálacha eile		
Rialtas ginearálta	Rialtas ginearálta	*Lena n-áirítear:*		
Earnálacha eile	Earnálacha eile	Cistí infheistíochta neamh-CMA		
	Cistí infheistíochta neamh-CMA	Corparáidí árachais agus cistí pinsin		
	Corparáidí árachais agus cistí pinsin	Institiúidí airgeadais eile		
	Institiúidí airgeadais eile	Corparáidí neamhairgeadais		
	Corparáidí neamhairgeadais			
	Teaghlaigh agus INBFTanna			

(b) cuirtear an Tábla 10 seo a leanas léi:

'Tábla 10

Idirbhearta ráithiúla trasteorainneacha agus stoic ESCanna cónaitheacha

							Fothacar Infhoilsithe					
	QBOP			QIIP			QBOP			QIIP		
	C/A	D/L	B/N	C/A	D/L	B/N	C/A	D/L	B/N	C/A	D/L	B/N
Cuntas reatha	G2_I8	G1_I8					G1_I8	G1_I8				
Earraí	G2_I8	G2_I8					G1_I8	G1_I8				
ow. Glan-onnmhairí earraí faoi thrádáil cheannaíochta	G1_I8						G1_I8					
Seirbhísí	G2_I8	G2_I8					G1_I8	G1_I8				
ow. Iompar	G2_I8	G2_I8					G1_I8	G1_I8				
ow. Seirbhísí airgeadais	G2_I8	G2_I8					G1_I8	G1_I8				
ow. muirir as maoin intleachtúil a úsáid g.a.e.	G2_I8	G2_I8					G1_I8	G1_I8				
ow. Seirbhísí gnó eile	G2_I8	G2_I8					G1_I8	G1_I8				
Ioncam príomha	G2_I8	G1_I8					G1_I8	G1_I8				
ow. Ioncam ó infheistíocht (sec x)	G2_I8	G1_I8					G1_I8	G1_I8				
Infheistíocht dhíreach (sec x)	G2_I8	G2_I8					G1_I8	G1_I8				
Díbhinní agus aistarraingtí (sec x)	G1_I8	G1_I8					G1_I8	G1_I8				
I bhfiontair infheistíochta dírí (sec x)	G1_I8	G1_I8										
In infheisteoir díreach (infheistíocht aisiompaithe) (sec x)	G1_I8	G1_I8										
Idir comhfhiontair (sec x)	G1_I8	G1_I8										
Tuilleamh athinfheistithe (sec x)	G1_I8	G1_I8					G1_I8	G1_I8				
Ionstraimí fiachais (sec x)	G1_I8	G1_I8					G1_I8	G1_I8				
I bhfiontair infheistíochta dírí (sec x)	G1_I8	G1_I8										
In infheisteoir díreach (infheistíocht aisiompaithe) (sec x)	G1_I8	G1_I8										
Idir comhfhiontair (sec x)	G1_I8	G1_I8										

Infheistíocht punainne (sec x)	G2_I8	G1_I8					G1_I8	G1_I8				
Díbhinní (sec x)	G1_I8	G1_I8										
Tuilleamh athinfheistithe (sec x)	G1_I8	G1_I8										
Ús ar urrúis fiachais (sec x)	G1_I8	G1_I8					G1_I8	G1_I8				
Infheistíocht eile (sec x)	G2_I8	G2_I8					G1_I8	G1_I8				
o.w. Ús (sec x)	G1_I8	G1_I8					G1_I8	G1_I8				
Ioncam tánaisteach	G2_I8	G2_I8					G1_I8	G1_I8				
Cuntas caipitil	G2_I8	G2_I8					G1_I8	G1_I8				
ow. Éadálacha/diúscairtí comhlána sócmhainní neamhtháirgthe neamhairgeadais	G2_I8	G2_I8					G1_I8	G1_I8				
Cuntas airgeadais (sec x)	G2_I8	G1_I8		G2_I8	G1_I8		G1_I8	G1_I8		G1_I8	G1_I8	
Infheistíocht dhíreach (sec x)	G2_I8	G2_I8		G2_I8	G2_I8		G1_I8	G1_I8		G1_I8	G1_I8	
Cothromas agus scaireanna/aonaid i gcistí infheistíochta (sec x)	G2_I8	G2_I8		G2_I8	G2_I8		G1_I8	G1_I8		G1_I8	G1_I8	
I bhfiontair infheistíochta dírí (sec x)				G1_I8	G1_I8							
In infheisteoir díreach (infheistíocht aisiompaithe) (sec x)				G1_I8	G1_I8							
Idir comhfhiontair (sec x)				G1_I8	G1_I8							
má tá an máthairghnóthas rialaithe deiridh cónaitheach (sec x)				G1_I8	G1_I8							
má tá an máthairghnóthas rialaithe deiridh neamhchónaitheach (sec x)				G1_I8	G1_I8							
má tá an máthairghnóthas rialaithe deiridh anaithnide (sec x)				G1_I8	G1_I8							
Cothromas seachas ath-infheistiú tuillimh (sec x)	G2_I8	G2_I8										
I bhfiontair infheistíochta dírí (sec x)	G1_I8	G1_I8										
In infheisteoir díreach (infheistíocht aisiompaithe) (sec x)	G1_I8	G1_I8										
Idir comhfhiontair (sec x)	G1_I8	G1_I8										
má tá an máthairghnóthas rialaithe deiridh cónaitheach (sec x)	G1_I8	G1_I8										

má tá an máthairghnóthas rialaithe deiridh neamhchónaitheach (sec x)	G1_I8	G1_I8										
má tá an máthairghnóthas rialaithe deiridh anaithnide (sec x)	G1_I8	G1_I8										
Athinfheistíocht tuillimh (sec x)	G2_I8	G2_I8										
Ionstraimí fiachais (sec x)	G2_I8	G2_I8		G2_I8	G2_I8		G1_I8	G1_I8		G1_I8	G1_I8	
I bhfiontair infheistíochta dírí (sec x)	G2_I8	G2_I8		G2_I8	G2_I8							
In infheisteoir díreach (infheistíocht aisiompaithe) (sec x)	G2_I8	G2_I8		G2_I8	G2_I8							
Idir comhfhiontair (sec x)	G2_I8	G2_I8		G2_I8	G2_I8							
má tá an máthairghnóthas rialaithe deiridh cónaitheach (sec x)	G1_I8	G1_I8		G1_I8	G1_I8							
má tá an máthairghnóthas rialaithe deiridh neamhchónaitheach (sec x)	G1_I8	G1_I8		G1_I8	G1_I8							
má tá an máthairghnóthas rialaithe deiridh anaithnide (sec x)	G1_I8	G1_I8		G1_I8	G1_I8							
Infheistíocht punainne (sec x)	G2_I8	G1_I8		G2_I8	G1_I8		G1_I8	G1_I8		G1_I8	G1_I8	
Cothromas agus scaireanna i gcistí infheistíochta (sec x)	G2_I8	G1_I8		G2_I8	G1_I8		G1_I8	G1_I8		G1_I8	G1_I8	
Urrúis fiachais (sec x)	G2_I8	G1_I8		G2_I8	G1_I8		G1_I8	G1_I8		G1_I8	G1_I8	
Gearrthéarmach (sec x)	G1_I8	G1_I8		G1_I8	G1_I8		G1_I8	G1_I8		G1_I8	G1_I8	
Fadtéarmach (sec x)	G1_I8	G1_I8		G1_I8	G1_I8		G1_I8	G1_I8		G1_I8	G1_I8	
Díorthaigh airgeadais (seachas cúlchistí) agus scairroghanna fostaithe (sec x)			G1_I8	G2_I8	G2_I8	G2_I8			G1_I8			G2_I8
Infheistíocht eile (sec x)	G2_I8	G2_I8		G2_I8	G2_I8		G1_I8	G1_I8		G1_I8	G1_I8	
o.w. Gearrthéarmach (sec x)	G1_I8	G1_I8		G1_I8	G1_I8							
o.w. Fadtéarmach (sec x)	G1_I8	G1_I8		G1_I8	G1_I8’							